Téarmaí nua Gaeilge á lorg i réimse na meán sóisialta

Tá Fiontar DCU i mbun taighde faoi láthair ar bhailiúchán téarmaí ríomhaireachta agus teicneolaíochta faisnéise mar chuid de thionscadal focal.ie. Cé go bhfuil líon mór téarmaí Gaeilge le fáil sna réimsí sin cheana, i bhfoinsí ar nós focal.ie agus focloir.ie, bíonn teicneolaíocht agus béarlagair na ríomhaireachta de shíor ag athrú agus tagann coincheapa nua ar an bhfód gach lá. Is iarracht é an tionscadal taighde seo chun bearnaí áirithe a líonadh i dtéarmaíocht ríomhaireachta agus teicneolaíochta faisnéise na Gaeilge.

Agus muid i mbun pleanála don taighde seo, tháinig ceist na n-úsáideoirí chun cinn – cé a úsáidfidh na téarmaí nua agus conas is féidir na daoine sin a aimsiú. Rith sé linn go bhfuil pobal bisiúil Gaeilge ar na meáin shóisialta agus gur pobal é atá an-eolach ar chúrsaí teicneolaíochta. Cá bhfios nach bhféadfadh an pobal sin téarmaí Gaeilge a mholadh iad féin, idir théarmaí atá in úsáid acu cheana agus téarmaí nua-chumtha.

Chuige sin, tá sé i gceist againn Twitter a úsáid chun moltaí a thiomsú a chuideodh linn Gaeilge a chur ar shraith coincheap lárnach i réimse na ***Meán Sóisialta***. D'fhonn na moltaí seo a bhailiú déanfaidh muid coincheap in aghaidh an lae a thvuíteáil ó chuntas Twitter **@tearmai_teic** (leis an haischlib **#téarmaí**) ó 1 Deireadh Fómhair ar aghaidh. Iarrfar ar ár gcuid leantóirí agus pobal ar líne na Gaeilge i gcoitinne moltaí a fhágáil mar fhreagraí ar an tvuít sin. Luafar téarma (nó téarmaí) Béarla sa tvuít agus nascfar chuig sainmhíniú a mhíníonn an coincheap. Ina dhiaidh sin is faoin bpobal a bheidh sé na moltaí a dhéanamh. Tá súil againn go spreagfaidh an triail seo plé bríomhar agus go gcuideoidh sé linn an scéal a scaipeadh maidir leis an tionscadal nua téarmeolaíochta seo.

Glacfaidh muid go fonnmhar le gach moladh agus cuirfidh muid san áireamh inár gcuid taighde iad. Is fiú a lua, áfach, gur faoin gCoiste Téarmaíochta a bheidh sé na téarmaí nua Gaeilge seo a fhaomhadh. An ról atá ag Fiontar ná taighde a dhéanamh ar choincheapa nua agus moltaí maidir le téarmaí nua Gaeilge a chur faoi bhráid an Choiste. Ní gá go nglacfadh an Coiste leis na moltaí sin.

Ní mór dúinn a nótáil freisin go bhfuil sé i gceist ag Fiontar an triail seo a úsáid mar chás-staidéar téarmeolaíochta agus go gcuirfí an próiseas agus na torthaí i láthair amach anseo mar pháipéar taighde.